# SOCRUITHE OIBRE IDIR EUROJUST AGUS COMHLACHAS IBÉIR-MHEIRICEÁNACH NA nIONCHÚISITHEOIRÍ POIBLÍ

V_GA

# SOCRUITHE OIBRE IDIR EUROJUST AGUS COMHLACHAS IBÉIR-MHEIRICEÁNACH NA nIONCHÚISITHEOIRÍ POIBLÍ

**Eurojust, le Bostjan Skrlec, Leas-Uachtarán Eurojust, ag déanamh ionadaíochta thar a cheann chun críocha an tsocraithe oibre seo**

**agus**

**Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach na nIonchúisitheoirí Poiblí [dá ngairtear AIAMP], le Francisco Roberto Barbosa Delgado, Fiscal Nacional de la Nación de Colombia agus Uachtarán AIAMP ag déanamh ionadaíochta thar a cheann, chun críche an tsocraithe oibre seo agus i láthair Jorge Abbott Charme, Fiscal Nacional de Chile agus Iar-Uachtarán AIAMP.**

(Dá ngairtear le chéile ina dhiaidh seo na "Páirtithe", nó "Páirtí" ina n-aonar),

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus a ghabhann in ionad Chinneadh 2002/187/JHA ón gComhairle (dá ngairtear an "Rialachán Eurojust" anseo feasta), agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagail, 47(1) agus (3), chomh maith le hAirteagal 52 (1) agus (2) de,

Ag féachaint do Reacht Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach na nIonchúisitheoirí Poiblí 2017,

Ós rud é gur chuathas i gcomhairle le Bord Feidhmiúcháin Eurojust maidir le rún Eurojust socrú oibre a thabhairt chun críche le AIAMP an 27 Meitheamh 2022 agus gur thug sé tuairim fhabhrach, agus gur fhaomh an Coláiste a chonclúid an 5 Iúil 2022.

Ag féachaint don fhormheas a thug Comhthionól Ginearálta AIAMP chun socrú oibre a thabhairt chun críche,

Ag féachaint do leasanna AIAMP agus Eurojust araon maidir le comhar dlúth dinimiciúil a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le coireacht thromchúiseach, go háirithe coireacht eagraithe agus sceimhlitheoireacht;

Agus na cearta bunúsacha agus na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á n-urramú,

**TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:**

## CAIBIDIL I – FORÁLACHA GINEARÁLTA

### Airteagal 1
### Cuspóir agus raon feidhme

1. Tá sé mar aidhm ag an socrú oibre seo comhar straitéiseach a spreagadh agus a fhorbairt idir na Páirtithe maidir le coireacht thromchúiseach a chomhrac, go háirithe coireacht eagraithe trasnáisiúnta, gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, cibearchoireacht agus sceimhlitheoireacht, agus i réimse chosaint na n-íospartach. Faoin socrú seo, ní mhalartófar ach sonraí pearsanta riaracháin, is é sin sonraí teagmhála de phointí teagmhála san AIAMP agus a Líonraí Speisialaithe buana, chomh maith le sonraí na n-údarás náisiúnta i mBallstáit AE agus i dtíortha AIAMP. Eisiatar ó raon feidhme an tsocraithe seo aon mhalartú de shonraí pearsanta oibríochtúla.
2. Maidir le comhar idir na páirtithe, ní shínfidh sé ná ní rachaidh sé thar a sainordú faoi seach. D’fhéadfaí go gcuirfí san áireamh, go háirithe:
    a. Malartú faisnéise dlí, straitéiseach agus teicniúil, lena n-áirítear torthaí anailíse straitéisí, faisnéis a bhaineann le reachtaíocht agus cleachtais shubstainteacha agus nós imeachta choiriúla, deacrachtaí praiticiúla, dea-chleachtais agus na ceachtanna a foghlaimíodh sa chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla.
    b. Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oiliúna, lena n-áirítear cur le forbairt cúrsaí, seimineáir, comhdhálacha, cuairteanna staidéir, cláir mhalartaithe, srl.
    c. Cuireadh a thabhairt dá chéile chuig imeachtaí um múscailt feasachta agus chun eolas a fhorbairt ar shaincheisteanna a bhaineann lena sainordú faoi seach.
    d. Feabhas a chur ar chomhar idirnáisiúnta i réimse an cheartais choiriúil tríd an gcumarsáid idir údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus AIAMP a éascú;
    e. Comhthuiscint agus cur amach a bheith acu ar na ceanglais maidir le comhar i leith coireachta tromchúisí, go háirithe an choireacht eagraithe trasnáisiúnta, gáinneáil ar dhrugaí, trácht ar dhaoine, cibearchoireacht agus sceimhlitheoireacht, agus i réimse chosaint na n-íospartach.
    f. Dea-chleachtais a mhalartú maidir leis na cineálacha coireanna is déine a chomhrac.

### Airteagal 2
### Gaol le hionstraimí idirnáisiúnta eile

Beidh an socrú oibre seo gan dochar d’aon oibleagáid eile arna tabhú faoi théarmaí aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh idir AIAMP agus an tAontas Eorpach nó aon cheann dá Bhallstáit ina bhfuil forálacha lena rialaítear comhar idirnáisiúnta in ábhair choiriúla.

## CAIBIDIL II – MODH COMHOIBRITHE

### Airteagal 3
### Pointí teagmhála

1. Ainmneoidh na páirtithe pointe teagmhála amháin nó níos mó, a mbeidh de chúram orthu comhar idir na Páirtithe a chomhordú agus a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha a roinnt go pras le húdaráis náisiúnta ábhartha/oifigí ábhartha de gach Páirtí.

2. Tabharfar fógra cuí i scríbhinn don Pháirtí eile faoi na ceapacháin sin. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú maidir leis na ceapacháin sin.

3. Rachaidh na pointí teagmhála i gcomhairle le chéile maidir le hábhair straitéiseacha leasa choitinn chun a gcuspóirí a bhaint amach agus a ngníomhaíochtaí a chomhordú. Go háirithe, laistigh de theorainneacha a gcreataí dlí faoi seach, cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas go rialta maidir le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis an bPáirtí eile.

4. Áiritheoidh na Páirtithe go bhféadfaidh pointí teagmhála faisnéis a mhalartú gan mhoill mhíchuí, agus áiritheoidh AIAMP go mbeidh a phointe(í) teagmhála in ann faisnéis a mhalartú le húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta inniúla gan mhoill. Ní cheadaítear sa Socrú seo d'fhaisnéis oibríochtúil ná d'ionstraimí comhair dhlíthiúil idirnáisiúnta a chur in iúl go foirmiúil, a leanfar de na bealaí cumarsáide foirmiúla faoi seach dá bhforáiltear sna Comhaontuithe um Chomhar Dlíthiúil Idirnáisiúnta is infheidhme.

### Airteagal 4
### Comhoibriú le Líonraí Buan Speisialaithe de chuid AIAMP

1. Leis na Líonraí Speisialaithe buana arna mbunú ag AIAMP, amhail na cinn a luaitear thíos, éascófar an chumarsáid idir údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Comhaltaí AIAMP trí Eurojust d'fhonn comhar níos dlúithe a bhunú eatarthu:

   Líonra um Chomhar Coiriúil AIAMP (REDCOOP)
   Líonra i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine agus Smuigleáil Imirceach (REDTRAM)
   Líonra Cibearchoireachta
   Líonra na nIonchúisitheoirí Frithdhrugaí (RFAI)
   Líonra Ibéir-Mheiriceánach na nIonchúisitheoirí i gcoinne Éillitheachta
   Líonra Inscne Speisialaithe (REG)
   Líonra um Chosaint Comhshaoil

2. Ainmneoidh gach Líonra Speisialaithe, faoi chomhordú AIAMP, pointe teagmhála amháin nó níos mó, a mbeidh de chúram air comhar a chomhordú idir an Líonra Speisialaithe agus Eurojust, agus a áirithiú go roinnfear an fhaisnéis ábhartha go pras le húdaráis náisiúnta ábhartha/oifigí ábhartha de gach Páirtí.

## CAIBIDIL III – MALARTÚ FAISNÉISE

### Airteagal 5
### Cuspóir agus úsáid

1. Ní mhalartófar faisnéis idir na Páirtithe ach amháin chun críche agus i gcomhréir le forálacha an tsocraithe oibre seo, agus eisiafar tarchur sonraí pearsanta oibríochtúla.

2. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas, tráth a sholáthrófar an fhaisnéis nó roimhe sin, an chríoch dá soláthraítear an fhaisnéis agus aon srian ar a húsáid, a scriosadh, lena n-áirítear srianta féideartha ar rochtain i dtéarmaí ginearálta nó sonracha. I gcás inar léir go bhfuil gá le srianta den sórt sin tar éis an fhaisnéis a sholáthar, cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi na srianta sin a luaithe is féidir.

3. Beidh úsáid na faisnéise chun críche eile seachas an chríoch dár tarchuireadh an fhaisnéis faoi réir údarú roimh ré ón bPáirtí a tharchuir an fhaisnéis sin.

### Airteagal 6
### Tarchur a chur ar Aghaidh

Ní fhéadfar aon fhaisnéis a gheobhaidh ceachtar Páirtí faoin socrú oibre seo a tharchur ar aghaidh chuig tríú páirtí ach amháin le toiliú roimh ré i scríbhinn ón bPáirtí tarchuir agus faoi réir aon choinníollacha nó srianta a shonróidh an Páirtí sin.

### Airteagal 7
### Rúndacht

Beidh na Páirtithe faoi cheangal ag oibleagáid rúndachta maidir le faisnéis a gheofar le linn an socrú seo a chur chun feidhme. Urramófar aon srian a fhorchuirfidh na Páirtithe, comhaltaí AIAMP nó údaráis náisiúnta AE ar úsáid na faisnéise arna tarchur.

## CAIBIDIL IV – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### Airteagal 8
### Leasuithe

Féadfar an Socrú seo a leasú i scríbhinn, tráth ar bith, trí chomhthoiliú idir na Páirtithe.

### Airteagal 9
### Speansais

Íocfaidh na Páirtithe a speansais féin a d’fhéadfadh teacht chun cinn le linn an socrú oibre seo a chur chun feidhme, mura gcomhaontófar a mhalairt de réir an cháis.

## Airteagal 10
## Díospóidí a réiteach

1. Maidir le gach díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith léiriú nó cur i bhfeidhm an tsocraithe oibre reatha, socrófar iad trí bhíthin comhairliúcháin agus caibidlíochta idir ionadaithe na bPáirtithe d'fhonn teacht ar réiteach cothrom.
2. Sa chás go dteipeann ar cheachtar de na Páirtithe forálacha an tsocraithe oibre seo a chomhlíonadh, nó má tá Páirtí den tuairim go bhféadfadh a leithéid de mhainneachtain tarlú go luath amach anseo, féadfaidh ceachtar de na Páirtithe cur chun feidhme an tsocraithe seo a chur ar fionraí go sealadach.

## Airteagal 11
## Comhar a mheas

Uair amháin ar a laghad gach dhá bhliain, tuairisceoidh na Páirtithe dá chéile ar chur chun feidhme an tsocraithe oibre seo agus molfaidh siad modhanna feabhsúcháin.

## Airteagal 12
## Foirceannadh

1. Féadfaidh ceachtar de na Páirtithe an socrú oibre seo a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn de thrí mhí a thabhairt.
2. I gcás foirceanta, tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú faoi na coinníollacha a leagtar amach sa socrú oibre seo maidir le húsáid agus stóráil leanúnach na faisnéise arna malartú eatarthu. Mura dtagtar ar chomhaontú, beidh ceachtar Páirtí i dteideal a iarraidh go scriosfar an fhaisnéis a tarchuireadh.

## Airteagal 13
## Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an socrú oibre seo i bhfeidhm ar an gcéad lá tar éis dháta a shínithe.

Arna dhéanamh in Cartagena de Indias (An Cholóim) an 29 Iúil 2022 i ndúblach sa Bhéarla agus sa Spáinnis. I gcás neamhréire, is é an téacs Béarla a bheidh i réim.

| | |
|---|---|
| Thar ceann Chomhlachas Ibéir-Mheiriceánach na nIonchúisitheoirí Poiblí | Thar ceann Eurojust |
| Francisco Roberto Barbosa Delgado<br>An tUachtarán | Bostjan Skrlec<br>An Leas-Uachtarán |

Thar ceann Chomhlachas Ibéir-Mheiriceánach na nIonchúisitheoirí Poiblí

Jorge Abbot Charme
An tUachtarán roimhe seo

**FÓGRA UM CHOSAINT SONRAÍ**

## 1. Comhthéacs agus Rialtóir

Uirlis luachmhar chun comhar idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha eile a fheabhsú is ea dlúth-theagmhálacha a bhunú idir Eurojust agus líonraí agus comhlachais bhreithiúnacha i réigiúin eile ar domhan.

Tá próiseáil sonraí pearsanta faoi réir Rialacháin (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar dhaoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (dá ngairtear anseo feasta – Rialachán (AE) 2018/1725).

Is é an rialtóir sonraí le haghaidh sonraí pearsanta riaracháin AIAMP agus Pointí Teagmhála Líonraí Speisialaithe AIAMP ná Ceann Oifige na nGnóthaí Institiúideacha (institutional.affairs@eurojust.europa.eu).

Is é Coláiste Eurojust an rialtóir sonraí le haghaidh sonraí pearsanta riaracháin de chomhaltaí d'oifigí ionchúisimh Bhallstáit AE agus thíortha AIAMP (collegedpn@eurojust.europa.eu).

## 2. Cén fhaisnéis phearsanta a bhailímid, cén cuspóir, cén bunús dlí agus cad iad na modhanna teicniúla a úsáidtear lena bhailiú?

***Cineálacha sonraí pearsanta***

Is iad seo a leanas na sonraí pearsanta a dhéantar a phróiseáil: ainm, sloinne, feidhm, seoladh oibre, uimhir theileafóin chorparáideach, facs corparáideach, agus seoladh ríomhphoist corparáideach.

***Cuspóir na próiseála***

Is é an cuspóir atá leis na sonraí pearsanta a phróiseáil ná liosta de na Pointí Teagmhála arna gceapadh ag AIAMP agus ag Líonraí Speisialaithe AIAMP a chothabháil agus a nuashonrú, chomh maith le sonraí pearsanta chomhaltaí ábhartha d'oifigí ionchúisimh de Bhallstáit AE agus de thíortha AIAMP a mhalartú d'fhonn feabhas a chur ar chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir údaráis inniúla i mBallstáit AE agus Comhaltaí AIAMP.

***Bunús dlí***

Tá toiliú tugtha ag na daoine is ábhar do na sonraí lena sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch a shonraítear in Airteagail 1, 3 agus 4 den Socrú Oibre idir Eurojust agus AIAMP.

***Modhanna teicniúla***

Bailímid an fhaisnéis seo trí ríomhphost agus/nó i bhfoirm páipéir. Stórálaimid na foirmeacha leictreonacha i dtimpeallacht shlán TFC Eurojust le rochtain theoranta do shealbhóirí poist Eurojust ar bhonn riachtanas. Stórálaimid na foirmeacha páipéir i gcaibinéad faoi ghlas nach bhfuil rochtain ach ag Ceannaire an IAO air.

### 3. Cé aige a bhfuil rochtain acu ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?

Beidh rochtain ag comhaltaí de Dheasca Náisiúnta Eurojust, Ionadaí na Danmhairge ag Eurojust, baill foirne Eurojust arna n-údarú go cuí ón Oifig um Ghnóthaí Institiúideacha agus ón Roinn Oibríochtaí, chomh maith le húdaráis náisiúnta ionchúisimh i mballstáit AE agus i dtíortha AIAMP ar na sonraí chun na críche a bhfuil cur síos orthu thuas.

***Aistrithe chuig tríú tíortha / eagraíochtaí idirnáisiúnta***
Déanfar sonraí a bhaineann le comhaltaí ábhartha d'oifigí ionchúisimh Bhallstáit AE a tharchur chuig oifigí ionchúisimh i dtíortha AIAMP.

### 4. Conas a dhéanaimid do chuid faisnéise a chosaint?

Déantar faisnéis AIAMP agus Pointí Teagmhála Líonraí Speisialaithe AIAMP a chartlannú go leictreonach i gCóras Bainistíochta Sonraí Eurojust, ar líonra daingnithe é. Forbraítear na huirlisí TF go léir ag Eurojust de réir sraith chaighdeánach slándála agus déantar iad a thástáil go críochnúil dá réir, chun stóinseacht agus iontaofacht a chinntiú. Déantar comhaid pháipéir a stóráil i dtaisceadáin daingnithe agus scriostar iad de réir nósanna imeachta slándála.

Ní stórálfar faisnéis faoi chomhaltaí de oifigí ionchúisimh Bhallstáit AE ag Eurojust.

### 5. Cá fhad a choinneoimid do chuid sonraí pearsanta?

Déantar athbhreithniú rialta ar na sonraí atá sa liosta teagmhála (uair sa bhliain). A luaithe a chuirtear Eurojust ar an eolas faoi na hathruithe ar sheasamh duine, déantar na sonraí ar an liosta a nuashonrú, nó mura bhfuil gá leo a thuilleadh, scriostar iad.

Beidh na sonraí, a bhainfidh le comhaltaí na n-údarás náisiúnta i mBallstáit AE nó i dtíortha AIAMP, scriosta ag comhaltaí Dheisce Náisiúnta Eurojust a tharchuir iad láithreach tar éis iad a tharchur chuig an údarás iarrthach, tríd an ríomhphost a scriosadh ón mbosca poist.

### 6. Conas is féidir leat do chuid faisnéise a fhíorú, a mhodhnú nó a scriosadh?

Tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh ar phróiseáil do chuid sonraí pearsanta nó iad a cheartú nó a scriosadh nó a shrianadh nó, nuair is infheidhme, an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála nó an ceart chun iniomparthacht sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725. Ba cheart aon iarratas den sórt sin a dhíriú chuig an rialtóir sonraí, tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas a úsáid: institutional.affairs@eurojust.europa.eu nó collegedpn@eurojust.europa.eu

### 7. Faisnéis teagmhála

I gcás ceisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta:
Féadtar teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí Eurojust trí ríomhphost: dpo@eurojust.europa.eu.

### 8. Téigh ar Iontaoibh

Tá sé de cheart agat dul ar iontaoibh Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) trí ríomhphost: edps@edps.europa.eu nó an nasc a leanúint: https://edps.europa.eu/data-protection/our-role-supervisor/complaints_en.